

# AN tAONTAS EORPACH

## Fíricí agus figiúirí

Comhairle an
Aontais Eorpaigh





# AN tAONTAS EORPACH

## Fíricí agus figiúirí

# Clár na n-ábhar

**Luachanna an Aontais Eorpaigh**

4

**Blianta aontachais**

6

**Mar a oibríonn an tAontas**

8

**An tAontas Eorpach**

22

**Na Ballstáit***

24-77

* Liostaítear in ord aibítre ainmneacha na dtíortha, mar a scríobhtar i ngach teanga ar leith iad.

AN BHEILG 24
AN BHULGÁIR 26
AN tSEICIA 28
AN DANMHAIRG 30
AN GHEARMÁIN 32
AN EASTÓIN 34
ÉIRE 36
AN GHRÉIG 38
AN SPÁINN 40
AN FHRAINC 42
AN CHRÓIT 44
AN IODÁIL 46
AN CHIPIR 48
AN LAITVIA 50
AN LIOTUÁIN 52
LUCSAMBURG 54
AN UNGÁIR 56
MÁLTA 58
AN ÍSILTÍR 60
AN OSTAIR 62
AN PHOLAINN 64
AN PHORTAINGÉIL 66
AN RÓMÁIN 68
AN tSLÓIVÉIN 70
AN tSLÓVAIC 72
AN FHIONLAINN 74
AN tSUALAINN 76
SEO LINN

# Luachanna an Aontais Eorpaigh

Is ar bhunphrionsabail áirithe, a leagtar amach i gConradh Liospóin agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, atá an tAontas Eorpach bunaithe.




## DÍNIT AN DUINE

Tá dínit an duine dosháraithe. Ní mór an dínit sin a urramú agus a chosaint. Ní hamháin gur ceart bunúsach ann féin í ach is í is bonn, dáiríre, do na cearta bunúsacha




## SAOIRSE

Leis an tsaoirse gluaiseachta is ceart bunúsach ag na saoránaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse laistigh den Aontas. Déantar saoirsí an duine, amhail urraim don saol príobháideach, saoirse smaointeoireachta, reiligiúin, comhthionóil, saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, a chosaint.




## COMHIONANNAS

Baineann an comhionannas le cearta comhionanna do gach saoránach os comhair an dlí. Is bonn é an comhionannas idir mná agus fir faoi gach beartas Eorpach agus is é is bonn don lánpháirtíocht Eorpach.




## DAONLATHAS

Tá feidhmiú an Aontais bunaithe ar an daonlathas ionadaíoch, lena n-áirítear an ceart chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin agus chun vótála.



## SMACHT REACHTA


Tá an tAontas bunaithe ar an smacht reachta. Tá gach dá ndéanann an tAontas fothaithe ar chonarthaí, arna gcomhaontú go deonach agus go daonlathach ag Ballstáit an Aontais.




## CEARTA AN DUINE

Déantar cearta an duine a chosaint faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Áirítear leis na cearta sin an ceart chun a bheith saor ó aon idirdhealú, an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint agus an ceart chun an ceartas a rochtain.


# BLIANTA AONTACHAIS



# BREXIT

## 2020

I reifreann 2016, vótáil muintir na Ríochta Aontaithe an tAontas a fhágáil. D'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas ar an 31 Eanáir 2020.



# Mar a oibríonn an tAontas

Sna 1950idí a bunaíodh an tAontas Eorpach, tráth ar gheall sé cinn de thíortha, a ndearnadh scrios orthu aimsir an chogaidh, go n-**oibreoidís le chéile** feasta ar mhaithe lena dtodhchaí a chruthú ó bhonn aníos ar shlí úrnua. Sna conarthaí, ar comhaontuithe ceangailteacha iad idir na Ballstáit, leagtar síos cuspóirí, raon feidhme agus modh an chomhair sin. D'fhág modh sin an chomhair go gcaithfí comhlachtaí (nó "institiúidí") nua Eorpacha a chruthú. Leagadh a chúram speisialta agus a chomhaltas féin ar gach ceann de na comhlachtaí sin. Chun fadhbanna a réiteach bíonn ar na comhlachtaí sin oibriú go dlúth le chéile agus feidhm a bhaint as na cumhachtaí éagsúla atá acu. Ba chabhair é an plé a dhéantar ar shaincheisteanna thart ar an mbord chun teacht ar an gcomhréiteach is fearr do chách leis **an tsíocháin a choimeád** san Eoraip le 70 bliain anuas.

## CÉN FÁTH A dTEASTAÍONN INSTITIÚIDÍ ÉAGSÚLA ÓN AONTAS EORPACH?


Déanann institiúidí éagsúla ionadaíocht ar dhreamanna éagsúla.

Chun tuairimí na **saoránach** a chur in iúl, tá Parlaimint na hEorpa ann. Is iad saoránaigh uile an Aontais a thoghann feisirí na Parlaiminte gach 5 bliana.

Le go mbeidh dearcadh **"Eorpach"** ann seachas dearcadh náisiúnta, tá an Coimisiún Eorpach ann.

Chun tuairimí na **rialtas náisiúnta** a chur in iúl, tá dhá institiúid ar leith ann: an Chomhairle Eorpach agus Comhairle an Aontais Eorpaigh.

Is é an plé a dhéantar laistigh de na ceithre chomhlacht sin, mar aon leis an bplé eatarthu, a chinneann an cruth a bheidh ar na tograí Eorpacha éagsúla.



## CÉN FÁTH A dTEASTAÍONN DHÁ CHOMHAIRLE ÓN AONTAS EORPACH?

Ar an gcéad dul síos, bíonn ar an Aontas méar a leagan ar na **mórcheisteanna** nach mór réitigh Eorpacha a aimsiú dóibh seachas réitigh náisiúnta.


Is é seo cúram na n-uachtarán agus na bpríomh-airí a thagann le chéile ag "cruinniú mullaigh". **An Chomhairle Eorpach** a thugtar orthu i dteannta a chéile.

Ar an dara dul síos, chun réitigh Eorpacha a aimsiú ar na mórcheisteanna sin, bíonn ar an Aontas teacht ar chomhaontú maidir le **dlíthe agus beartais**.

Sin í obair **Chomhairle an Aontais Eorpaigh** mar a bpléann agus a gcaibidlíonn na rialtais náisiúnta na dlíthe agus na beartais sin.

### AN CHOMHAIRLE EORPACH

NA CINN STÁIT NÓ RIALTAIS



leagann sí amach clár oibre polaitiúil an Aontais

### TEACH NA mBALLSTÁT



### COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AIRÍ NA RIALTAS NÁISIÚNTA




Téann sí i mbun caibidlíochta agus vótálann sí ar reachtaíocht

## CONAS A OIBRÍONN AN tAONTAS?

Tríd an obair i gcomhar.

Beagnach gach dlí Eorpach, is toradh é ar an idirbheartaíocht idir trí cinn de na hinstitiúidí sin: an Coimisiún, Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh.
Aon ghníomhaíocht reachtach, tosaíonn sí le togra ón gCoimisiún. Déantar an togra a chaibidil agus a chomhaontú ina dhiaidh sin i measc na n-airí a dhéanann ionadaíocht ar na rialtais thofa náisiúnta — i gComhairle an Aontais Eorpaigh — agus i measc ionadaithe Pharlaimint na hEorpa.
An dlí a chomhaontaítear go críochnaitheach, is réiteach cothromaithe é arna fháisceadh as tuairimí éagsúla na dtrí institiúid.
Gach dlí nó beartas a ghlactar, is coiscéim eile é ar an mbealach chuig na spriocanna móra arna leagan síos ag na ceannairí sa Chomhairle Eorpach.



# Cé hiad príomhghníomhaithe an Aontais?

## AN CHOMHAIRLE EORPACH

An Chomhairle Eorpach

**An Chomhairle Eorpach** a leagann amach treoir agus tosaíochtaí an Aontais — is ise **comhlacht straitéiseach an Aontais**.

Uair sa 2 nó sa 3 mhí, seolann Uachtarán na Comhairle Eorpaí cuireadh chuig ceannairí (is é sin príomh-airí nó uachtaráin) Bhallstáit an Aontais agus chuig Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh teacht chuig cruinniú ar a dtugtar "cruinniú mullaigh". Is é ról Uachtarán na Comhairle a chinneadh cad iad na mórcheisteanna a bhfuiltear le dul i ngleic leo ag gach cruinniú agus ansin gach duine a thabhairt ar aon fhocal ina dtaobh. Ní mór gur d'aontoil a bheadh gach comhaontú, nach mór, a dhéanann an Chomhairle Eorpach.

Na comhaontuithe a dtagtar orthu sna cruinnithe, luaitear iad sna conclúidí ón gComhairle Eorpach. Bíonn na conclúidí sin ar fáil ar an idirlíon, i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais, díreach tar éis na gcruinnithe.

Is sa Bhruiséil atá ceanncheathrú na Comhairle Eorpaí.
**www.consilium.europe.eu**

### AN CHOMHAIRLE EORPACH

a leagann amach treoir agus tosaíochtaí an Aontais



## COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Comhairle an Aontais Eorpaigh

Oibríonn airí ó rialtais thofa náisiúnta na mBallstát le chéile i g**Comhairle an Aontais Eorpaigh** (**an Chomhairle**). Bíonn ionadaithe an Choimisiúin i láthair freisin ag cruinnithe na Comhairle.

**PRÍOMHCHÚRAIMÍ NA COMHAIRLE:**

**1.** Is í an **reachtóireacht** príomhchúram na Comhairle. Leis an gCoimisiún agus Parlaimint na hEorpa, tá an Chomhairle ar cheann de na trí ghníomhaí a mbíonn páirt acu i bpróiseas reachtóireachta an Aontais.

**2. Glacadh an bhuiséid** — in éineacht le Parlaimint na hEorpa.

**3. Caidreamh seachtrach** — an Chomhairle a shainíonn agus a chuireann chun feidhme beartas eachtrach agus slándála an Aontais. Mar shampla, tugann an Chomhairle comhaontuithe idirnáisiúnta i gcrích le tíortha nach bhfuil san Aontas nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

Is de réir an ábhair a eagraítear cruinnithe den Chomhairle ionas go mbeidh na hairí cuí in ann a bheith i láthair. Fágann sin go mbíonn cruinnithe ag an gComhairle maidir le cúrsaí airgeadais, an comhshaol, cúrsaí fuinnimh, an ceartas agus mar sin de, ina dtugtar le chéile na hairí atá freagrach as na hábhair sin.

Plé poiblí a bhíonn ag an gComhairle nuair a bhíonn dlíthe nua á bplé agus á vótáil. **Is féidir na díospóireachtaí a leanúint beo ar shuíomh gréasáin na Comhairle.**

**Tagann airí náisiúnta a bhfuil na freagrachtaí céanna orthu le chéile**






GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA AGUS AIRGEADAIS



GNÓTHAÍ GINEARÁLTA



TALMHAÍOCHT AGUS IASCACH

I gcás mórán gach píosa reachtaíochta, is le **vóta tromlaigh** a dhéanann an Chomhairle a cinneadh. Ní tharlaíonn sé ach go fíor-annamh gur gá cinneadh a ghlacadh d'aontoil. Mar seo a oibríonn an córas vótála: ní mór go mbeadh tromlach na mBallstát agus tromlach dhaonra an Aontais i bhfách lena bhfuil á mholadh. Go teoiriciúil, is féidir leis an gComhairle dlí a ghlacadh a thúisce is léir gur baineadh amach na tromlaigh riachtanacha. Go praiticiúil, is minic a leanann an Chomhairle uirthi ag plé agus ag feabhsú na ndréachtdlíthe nó go mbítear in ann an tromlach is mó is féidir (nó an aontoilíocht féin) a bhaint amach.

Rialtas Ballstáit a bhíonn mar chathaoirleach ar an gComhairle. **Uachtaránacht ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh** teideal iomlán an chúraim sin. Athraíonn an uachtaránacht gach 6 mhí. Bíonn a sheal féin ag gach Ballstát.

Sna leathanaigh seo a leanas faoi na Ballstáit, feicfidh tú cathain a bheidh an uachtaránacht ag do thír féin.

Is sa Bhruiséil atá ceanncheathrú na Comhairle, agus **cuirfear na múrtha fáilte romhat in Ionad na gCuairteoirí!**
**www.consilium.europe.eu**




GNÓTHAÍ EACHTRACHA



IOMAÍOCHAS



FOSTAÍOCHT, BEARTAS SÓISIALTA, SLÁINTE AGUS GNÓTHAÍ TOMHALTÓIRÍ



IOMPAR, TEILEACHUMARSÁID AGUS FUINNEAMH



CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE



OIDEACHAS, ÓIGE, CULTÚR AGUS SPÓRT



COMHSHAOL

## PARLAIMINT NA hEORPA

Déanann **Parlaimint na hEorpa** ionadaíocht ar leasanna shaoránaigh an Aontais. Tá 705 chomhalta (ar a dtugtar Feisirí de Pharlaimint na hEorpa) sa Pharlaimint a thoghann saoránaigh an Aontais gach 5 bliana.

### PRÍOMHCHÚRAIMÍ NA PARLAIMINTE:

**1. Dlíthe** — glacann sí reachtaíocht go comhpháirteach le Comhairle an Aontais Eorpaigh.
**2. An Buiséad** — in éineacht le Comhairle an Aontais Eorpaigh, glacann sí an creat airgeadais bliantúil (buiséad fadtéarmach an Aontais) agus formheasann sí buiséad bliantúil an Aontais.
**3. Rialú** — déanann sí faireachán ar cheartúsáid chistí an Aontais agus déanann sí maoirseacht ar institiúidí eile an Aontais, go háirithe an Coimisiún. Toghann Parlaimint na hEorpa Uachtarán an Choimisiúin agus tá an ceart aici chun an Coimisiún a fhormheas agus a bhriseadh.

Tionóltar gach suí den Pharlaimint, agus gach cruinniú coiste freisin, go poiblí, agus is féidir iad a leanúint beo.

Is in Strasbourg atá ceanncheathrú na Parlaiminte ach feidhmíonn sí sa Bhruiséil agus i Lucsamburg, freisin.
**www.europarl.europa.eu**



## AN COIMISIÚN EORPACH

An Coimisiún Eorpach

An **Coimisiún Eorpach** a bhainistíonn cúraimí laethúla an Aontais. Seans gur chuala tú cheana féin go bhfuil **an ceart tionscnaimh** ag an gCoimisiún. Cad a chiallaíonn sé sin? Ciallaíonn sé gurb é an Coimisiún atá freagrach as an reachtaíocht Eorpach nua a mholadh. Is é an Coimisiún an t-aon institiúid den Aontas ar féidir leis dlíthe a leagan síos. Fairis sin, is é an Coimisiún **a mholann buiséad** an Aontais Eorpaigh. Is le chéile a dhéanann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle dlíthe agus an buiséad a phlé agus is le chéile a dhéanann siad cinntí ina leith.

Tá 27 gcoimisinéir sa Choimisiún, duine ó gach Ballstát. Oibríonn na coimisinéirí ar mhaithe le leas ginearálta an Aontais Eorpaigh seachas leasanna sonracha a dtíortha féin.


Is sa Bhruiséil atá ceanncheathrú an Choimisiúin.
**www.ec.europa.eu**



**MOLANN DLÍTHE NUA**



**DÉANANN BEARTAIS AN AONTAIS A BHAINISTIÚ AGUS CISTIÚ AN AONTAIS A LEITHDHÁILEADH**



**CAOMHNÓIR CHONARTHAÍ AN AONTAIS**



**DÉANANN IONADAÍOCHT AR AN AONTAS AR AN STÁITSE IDIRNÁISIÚNTA**

# Comhlachtaí eile den Aontas

Tá institiúidí agus comhlachtaí eile ann freisin a bhfuil tábhacht ag roinnt leo ó thaobh fheidhmiú an Aontais, mar shampla comhlachtaí a sheiceálann go bhfuiltear ag cloí le dlíthe an Aontais agus go bhfuil buiséad an Aontais á úsáid i gceart. Tá comhlachtaí ann freisin a chinntíonn go mbíonn guthanna éagsúla le cloisteáil ar an leibhéal Eorpach, agus go gcloistear guth an Aontais ar an leibhéal idirnáisiúnta.

## NA RIALAITHEOIRÍ



**CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH**, tá breithiúna ó na Ballstáit uile páirteach inti; léirmhíníonn an chúirt dlí an Aontais agus cinntíonn sí go leantar an dlí ar an mbealach céanna gach áit san Aontas. Láimhseálann an Chúirt Bhreithúnais freisin cásanna a thugann stáit, cuideachtaí nó daoine aonair má imríonn gníomhartha a ghlacann institiúidí an Aontais tionchar díreach orthu. Is i Lucsamburg atá ceanncheathrú na Cúirte Breithiúnais.
**curia.europa.eu**

---

Seiceálann **CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA** go bhfuil úsáid cheart á baint as buiséad an Aontais agus go slógtar agus go gcaitear cistí an Aontais i gcomhréir leis an dlí agus le bainistiú fónta airgeadais. Comhalta amháin ó gach Ballstát atá sa Chúirt agus is i Lucsamburg atá a ceanncheathrú.
**www.eca.europa.eu**

---

Déanann **an tOMBUDSMAN EORPACH** imscrúdú ar ghearáin faoi dhrochriarachán in institiúidí agus i gcomhlachtaí an Aontais Eorpaigh. Más saoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach thú nó má chónaíonn tú i mBallstát, féadfaidh tú gearán a dhéanamh leis an ombudsman. Is féidir le gnólachtaí agus comhlachais gearán a dhéanamh leis an ombudsman freisin. Is in Strasbourg atá ceanncheathrú an ombudsman.
**www.ombudsman.europa.eu**

---

Seiceálann **an MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ** go mbíonn an ceart chun príobháideachais á urramú ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais nuair a bhíonn sonraí pearsanta á bpróiseáil acu agus beartais agus reachtaíocht nua á bhforbairt acu. Is sa Bhruiséil atá ceanncheathrú an mhaoirseora.
**www.edps.europa.eu**

---

Déanann **an OIFIG EORPACH FRITH-CHALAOISE** (nó OLAF) imscrúdú ar chalaois i dtaca le buiséad an Aontais Eorpaigh, le héillitheacht agus le mí-iompar tromchúiseach laistigh d'institiúidí an Aontais Eorpaigh. Is sa Bhruiséil atá ceanncheathrú na hoifige.
**www.ec.europa.eu/anti_fraud**

## NA BAINC



**Is é an BANC CEANNAIS EORPACH** banc ceannais na 19 mBallstát den Aontas Eorpach a bhfuil an euro glactha acu. An príomhchúram atá air cobhsaíocht na bpraghsanna a chaomhnú sa limistéar euro chun luach an euro a chosaint. Is in Frankfurt am Main atá ceanncheathrú an bhainc.
**www.ecb.europa.eu**

Tá **an BANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA** freagrach as iasachtaí a chur ar fáil san Aontas Eorpach. Tá sainchúram air maidir le fás, fostaíocht, nuálaíocht agus scileanna, gnólachtaí beaga agus meánmhéide, gníomhú ar son na haeráide agus bonneagar straitéiseach a chur chun cinn ar fud an Aontais. Is i Lucsamburg atá ceanncheathrú an bhainc.
**www.eib.org**

## AN tSOCHAÍ SHIBHIALTA AGUS NA RÉIGIÚIN



**Cuireann COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA** ar chumas eagraíochtaí sochaí sibhialta na mBallstát a dtuairimí a nochtadh ar an leibhéal Eorpach. Tá 326 chomhalta sa choiste ó ghrúpaí leasmhara eacnamaíocha agus sóisialta sna Ballstáit. Is sa Bhruiséil atá ceanncheathrú an choiste.
**www.eesc.europa.eu**

Is é **COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN** guth réigiúin agus chathracha an Aontais. Tríd an gCoiste, is féidir leo a gcuid tuairimí a nochtadh ar an leibhéal Eorpach. Is ionadaithe tofa réigiúnacha agus áitiúla ó na Ballstáit uile iad 329 gcomhalta an choiste. Is sa Bhruiséil atá ceanncheathrú an choiste.
**www.cor.europa.eu**


## AN tAONTAS EORPACH SA DOMHAN



Is seirbhís taidhleoireachta an Aontais í **an tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ** (SEGS). Is é an ról atá aici a chinntiú go dtugtar cluas éisteachta do ghuth an Aontais ar fud an domhain. Tá sé mar aidhm le gníomhaíocht an Aontais ar an leibhéal idirnáisiúnta cearta an duine, an fhorbairt, an chabhair dhaonnúil, an trádáil agus obair eagraíochtaí iltaobhacha a chur chun cinn. Sa Bhruiséil atá ceanncheathrú SEGS ach feidhmíonn sé ar fud an domhain freisin trína 140 toscaireacht lasmuigh den Aontas Eorpach.
**www.eeas.europa.eu**

# An tAontas Eorpach agus a Bhallstáit

# AN tAONTAS EORPACH



**TEANGACHA OIFIGIÚLA**

Béarla
Bulgáiris
Cróitis
Danmhairgis
Eastóinis
Fionlainnis
Fraincis
Gaeilge
Gearmáinis
Gréigis
Iodáilis
Laitvis
Liotuáinis
Máltais
Ollainnis
Polainnis
Portaingéilis
Rómáinis
Seicis
Slóivéinis
Slóvaicis
Spáinnis
Sualainnis
Ungáiris

**DAONRA**
446,8 milliún

**ACHAR**
4 225 127 km$^2$

**AN LÁ OSCAILTE**
Osclaíonn institiúidí an Aontais a ndoirse don phobal gach bliain i mí na Bealtaine.

**CATHRACHA RIARACHÁIN AN AONTAIS**
An Bhruiséil, Lucsamburg, Strasbourg

Iarmhír idirlín an Aontais arb é **.eu**

Uimhir theileafóin éigeandála arb é **112**

**LÁ NA HEORPA**

**9 Bealtaine**

Lá comórtha Dhearbhú Schuman, a sheol tionscadal an Aontais (1950)



**FÍRICÍ SUIMIÚLA**
Bronnadh Duais Nobel na Síochána ar an Aontas in 2012.

**TAIRSEACH AN AONTAIS EORPAIGH:**
europa.eu
**STAIDÉAR SAN AONTAS:**
www.erasmusprogramme.com
**AG OBAIR SAN AONTAS:**
www.ec.europa.eu/eures
**AG OBAIR DON AONTAS:**
epso.europa.eu

**DATHANNA NA BRATAÍ**

Seasann an 12 réalta óir anuas ar chúlra gorm d'idéil na haontachta, na dlúthpháirtíochta agus na síthe i measc phobail na hEorpa. Rinneadh siombail oifigiúil an Aontais den bhratach in 1985.



# AN BHEILG

## Ríocht na Beilge

**PRÍOMHCHATHAIR:** AN BHRUISÉIL




**DATHANNA NA BRATAÍ**
Is iad dathanna armas ársa Dhiúcacht Brabant atá uirthi: leon buí le crúba dearga agus teanga dhearg ar chúlra dubh.

**NA TEANGACHA OIFIGIÚLA**
Gearmáinis (Gearmáinic)
Fraincis (Rómánsach)
Ollainnis (Gearmáinic)


**DAONRA**
11.5 milliún (2019)

**ACHAR**
30 666 km²





**LÁ NÁISIÚNTA**
**21 Iúil**
Insealbhaíodh Leopold I mar Rí na mBeilgeach (1831)

**AIRGEADRA**
Euro (EUR, ó 2002)
Tá an Rí Philippe le feiceáil ar aghaidh náisiúnta an bhoinn euro.




## CÓRAS POLAITIÚIL

Dhá sheomra atá i bParlaimint Chónaidhme na Beilge: Teach na nIonadaithe (*Abgeordnetenkamme/Chambre des représentants/ Kamer van Volksvertegenwoordigers*, 150 comhalta) agus an Seanad (*Senat/Sénat/Senaat*, 60 Seanadóir). Gach 5 bliana a reáchtáiltear toghcháin pharlaiminte. Is é an Rí an ceann stáit ach níl aon chumhachtaí polaitiúla aige. Is é an Rí a cheapann an Príomh-Aire, ach teastaíonn vóta muiníne ón bparlaimint uaidh chuige sin. Sa Bheilg tá leibhéal ard féinrialach ag na heintitis chónaidhme (na réigiúin agus na comhphobail).




## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Eanáir-Meitheamh 2024**






Iarmhír idirlín na tíre arb é **.be**



An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+32**



**MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS**
(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar sa Bheilg

**10 712**



Mic agus iníonacha léinn ón mBeilg ag staidéar thar lear


**9 284**





## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Beilgeach darbh ainm Adolphe Sax a cheap an sacsafón.



## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***en stoemelings***

Rud éigin a dhéanamh faoi rún laistíos den bhord, go sleamhain.

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
belgium.be
**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:** www.europeanunion.diplomatie.belgium.be

# AN BHULGÁIR

## Poblacht na Bulgáire

**PRÍOMHCHATHAIR:** SÓIFIA




**TEANGA OIFIGIÚIL**
Bulgáiris (Slavach)

**DAONRA**
7 milliún (2019)

**ACHAR**
110 996 km$^2$


**DATHANNA NA BRATAÍ**
Is ionann an dath bán agus an tsíocháin, an grá agus an tsaoirse, an uaine agus torthúlacht na talún, an dearg agus an troid ar son na saoirse agus an chrógacht mhíleata.




**LÁ NÁISIÚNTA**
**3 Márta**
Saoirse ó Impireacht na nOtamánach (1878)



**AIRGEADRA**
Lev (BGN)
Is é Naomh Ivan Rila, céad díthreabhach na Bulgáire, atá le feiceáil ar an mbonn lev.



## CÓRAS POLAITIÚIL


Tá 240 comhalta tofa sa Tionól Náisiúnta (*Narodno sabranie*) a thoghtar ar feadh téarma 4 bliana. Is é Uachtarán na Poblachta an ceann stáit agus toghann na daoine é go díreach ar feadh téarma 5 bliana. Is ag an rialtas atá an phríomhchumhacht feidhmiúcháin, faoi stiúir an Phríomh-Aire.




## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Eanáir-Meitheamh 2018**

níl cinneadh déanta faoin gcéad cheann eile





Iarmhír idirlín na tíre arb é **.bg**



An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+359**



## MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS

(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar sa Bhulgáir

**1 545**



Mic agus iníonacha léinn ón mBulgáir ag staidéar thar lear


**2 465**





## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Is í an Bhulgáir an tír is mó táirgthe rósola ar domhan.



## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***айляк [aylyak]***

A bheith breá réchúiseach, gan a bheith buartha ag strus, in ann sult a bhaint as an saol.

## + EOLAS


**Eolas faoin tír:** bulgariatravel.org

**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:** www.mfa.bg/embassies/belgiumpp

# AN tSEICIA

## Poblacht na Seice

**PRÍOMHCHATHAIR:** PRÁG



**DATHANNA NA BRATAÍ**
Is ionann an dearg agus an bán agus an Bhoihéim agus an triantán gorm agus an Mhoráiv.






**TEANGA OIFIGIÚIL**
Seicis (Slavach)

**DAONRA**
10.6 milliún (2019)

CZ

**ACHAR**
78 871 km$^2$


**LÁ NÁISIÚNTA**

**28**
**Deireadh Fómhair**

Bunú stát neamhspleách na Seicslóvaice (1918)



**AIRGEADRA**
Koruna (CZK)
Tá leon na Seicia le feiceáil ar an mbonn koruna.



## CÓRAS POLAITIÚIL


Tá an pharlaimint comhdhéanta de Theach na dTeachtaí (*Poslanecká sněmovna*), ina bhfuil 200 comhalta a thoghtar ar feadh téarma 4 bliana, agus den Seanad (*Senát*), ina bhfuil 81 sheanadóir, a thoghtar ar feadh téarma 6 bliana. Toghtar Uachtarán na Poblachta trí vótáil dhíreach ar feadh téarma 5 bliana. Ceapann an tUachtarán an Príomh-Aire agus na hairí rialtais eile.



**Aois vótála**
**18**
**gan a bheith éigeantach**

## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Iúil-Nollaig 2022





Iarmhír idirlín na tíre arb é **.cz**

An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+420**



## MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS

(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar sa tSeicia


**10 534**



Mic agus iníonacha léinn ón tSeicia ag staidéar thar lear


**7 891**





## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Ba é an scríbhneoir Seiceach, Karel Čapek, a d’úsáid an focal *robot* (bunaithe ar an bhfocal *robota*, a chiallaíonn saothar) den chéad uair ina dhráma *Rossum’s Universal Robots* a foilsíodh in 1920.



## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***chatař***

Duine a mhaireann saol na cathrach i rith na seachtaine ach a “éalaíonn” go teach samhraidh nó go teachín faoin tuath ag an deireadh seachtaine.

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:** www.czechtourism.com

**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:** www.mzv.cz/representation_brussels

# AN DANMHAIRG

## Ríocht na Danmhairge

**PRÍOMHCHATHAIR:** CÓBANHÁVAN



**TEANGA OIFIGIÚIL**
Danmhairgis (Gearmáinic)

**DAONRA**
5.8 milliún (2019)

**ACHAR**
42 925 km$^2$


**LÁ NÁISIÚNTA**
**5 Meitheamh**
Síniú Bhunreacht na Danmhairge (1849)

**DATHANNA NA BRATAÍ**
Is siombail Nordach Chríostaí í an chros bhán asláir. Is í an *Dannebrog* an bhratach stáit is sine dá bhfuil in úsáid ar domhan agus is múnla í do bhratacha Nordacha eile.






**AIRGEADRA**
Krone (DKK)
Tá an Bhanríon Margrethe II le feiceáil ar an mbonn krone.




**CÓRAS POLAITIÚIL**

Tionól an Phobail (*Folketinget*) a thugtar ar pharlaimint na Danmhairge ina bhfuil 179 gcomhalta a thoghtar ar feadh téarma 4 bliana. Is í an Bhanríon an ceann stáit ach is ról ionadaíoch, go bunúsach, atá aici. Mar sin féin, ceapann sí an Príomh-Aire, agus caithfidh an pharlaimint an ceapachán sin a fhormheas. Is cuid den Danmhairg iad an dá réigiún fhéinrialaithe, an Ghraonlainn agus Oileáin Fharó, ach ní cuid den Aontas Eorpach iad.




**UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

Iúil-Nollaig 2025





Iarmhír idirlín na tíre arb é **.dk**



An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+45**





**MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS** (2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar sa Danmhairg


**5 731**



Mic agus iníonacha léinn ón Danmhairg ag staidéar thar lear

**4 659**





**FÍRICÍ SUIMIÚLA**

Scríobh an t-údar ón Danmhairg, Hans Christian Andersen, roinnt síscéalta an-cháiliúil, "Eachtra an Impire is a Chuid Éadaigh" mar shampla.

**FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ**

***hygge***

Teolaí, an bhraistint sin nuair a bhíonn duine sásta agus compordach. Úsáidtear an tinteán agus coinnle chun *hygge* a chothú.

**+ EOLAS**

**Eolas faoin tír:**
denmark.dk

**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
www.eu.um.dk

# AN GHEARMÁIN

## Poblacht Chónaidhme na Gearmáine

**PRÍOMHCHATHAIR:** BEIRLÍN

### DATHANNA NA BRATAÍ

Ba iad na héadaí dubha le hoiriúintí óir agus dearga a chaith Saorchór Lützow ab inspioráid do dhathanna na brataí, eagraíocht ab ea an saorchór sin a bhí gníomhach i mbun Gearmáin aontaithe a chruthú sa 19ú hAois.






### TEANGA OIFIGIÚIL

Gearmáinis (Gearmáinic)

### DAONRA

83 milliún (2019)




### ACHAR

357 569 km²

### LÁ NÁISIÚNTA

**3**

**Deireadh Fómhair**


Lá Aontacht na Gearmáine (1990)



### AIRGEADRA

Euro (EUR, ó 2002)

An t-iolar, siombail cheannasachta na Gearmáine, atá ar aghaidh náisiúnta an bhoinn euro.




## CÓRAS POLAITIÚIL

Tá an pharlaimint comhdhéanta den Chomhthionól Cónaidhme (*Bundestag*: 709 gcomhalta a thoghtar ar feadh téarma 4 bliana in olltoghcháin) agus an Chomhairle Cónaidhme (*Bundesrat*: 69 gcomhalta a cheapann rialtais na stát cónaidhme, nó *Länder*). Toghtar Uachtarán na Cónaidhme, arb é nó í an ceann stáit, ar feadh tréimhse 5 bliana, ach is ról ionadaíoch, go bunúsach, atá ag an duine sin. Mar sin féin, ceapann Uachtarán na Cónaidhme Seansailéir na Cónaidhme, atá i gceannas ar an Rialtas Cónaidhme. Comhroinntear an chumhacht idir an Rialtas Cónaidhme agus na *Länder*.




## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Iúil-Nollaig 2020**





Iarmhír idirlín na tíre arb é **.de**



An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+49**



## MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS
(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar sa Ghearmáin


**34 497**



Mic agus iníonacha léinn ón nGearmáin ag staidéar thar lear

**40 959**





## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Ba é Johannes Gutenburg a chruthaigh an chéad chlóphreas cló inaistrithe sna 1450idí. Leis an gclóphreas seo bhíothas in ann leabhair a olltáirgeadh agus a scaipeadh go forleathan.



## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***Sehnsucht***

Dúil mhór i rud éigin arbh fhéidir nach mbeadh sé infhaighte.

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
deutschland.de

**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
bruessel-eu.diplo.de

# AN EASTÓIN

## Poblacht na hEastóine

**PRÍOMHCHATHAIR:** TAILLINN



**DATHANNA NA BRATAÍ**
Is ionann an dath gorm agus an spéir agus an t-uisce, an dubh agus an ithir agus na foraoisí tiubha, agus an bán agus sneachta an gheimhridh.

**TEANGA OIFIGIÚIL**
Eastóinis (Fionn-Úgrach)



**DAONRA**
1.3 milliún (2019)


**ACHAR**
45 336 km$^2$




**LÁ NÁISIÚNTA**
**24 Feabhra**
Dearbhú neamhspleáchais ón Rúis (1918)




**AIRGEADRA**
Euro (EUR, ó 2011)
Léarscáil den Eastóin atá le feiceáil ar aghaidh náisiúnta an bhoinn euro.



## CÓRAS POLAITIÚIL

Tá 101 chomhalta i bParlaimint na hEastóine (*Riigikogu*) agus toghtar iad ar feadh téarma 4 bliana in olltoghcháin. Is é nó í Uachtarán na Poblachta an ceann stáit, a thoghann an pharlaimint ar feadh téarma 4 bliana. Feidhmeanna ionadaíocha is mó atá ag an Uachtarán, ach is é nó í a ainmníonn an Príomh-Aire, a cheapann an pharlaimint ansin. Go bunúsach is ag an bPríomh-Aire agus ag an rialtas atá an chumhacht.




**Aois vótála**
**18**
**gan a bheith éigeantach**

## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Iúil-Nollaig 2017**

níl cinneadh déanta faoin gcéad cheann eile





Iarmhír idirlín na tíre arb é **.ee**



An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+372**





## MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS (2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar san Eastóin

**1 871**




Mic agus iníonacha léinn ón Eastóin ag staidéar thar lear

**1 135**



## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Ba í an Eastóin an chéad tír ar domhan a d'úsáid córas vótála idirlín dá toghcháin áitiúla in 2005 agus ina dhiaidh sin do na toghcháin náisiúnta agus Eorpacha.



## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***viitsima***

Leisciúlacht de shaghas nó nuair nach mbíonn fonn ar dhuine rud a dhéanamh.

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
estonia.ee
**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
eu.mfa.ee

# ÉIRE

## Éire

**PRÍOMHCHATHAIR:** BAILE ÁTHA CLIATH



### NA TEANGACHA OIFIGIÚLA

Béarla (Gearmáinic)
Gaeilge (Ceilteach)

### DAONRA

4.9 milliún (2019)





### ACHAR

69 947 $km^2$

### DATHANNA NA BRATAÍ

Is ionann an dath uaine agus an traidisiún Caitliceach Rómhánach náisiúnach, an dath oráiste agus an traidisiún Protastúnach aontachtach agus an dath bán agus an tsíocháin eatarthu.






### LÁ NÁISIÚNTA

**17 Márta**

Lá báis Naomh Pádraig, éarlamh na hÉireann



### AIRGEADRA

Euro (EUR, ó 2002)
An chláirseach Cheilteach, siombail na hÉireann, atá ar aghaidh náisiúnta an bhoinn euro.

## CÓRAS POLAITIÚIL

Is poblacht í Éire agus tá an pharlaimint (*an tOireachtas*) comhdhéanta de Sheomra na dTeachtaí (*Dáil Éireann*: 166 chomhalta) agus an Seanad (*Seanad Éireann:* 60 seanadóir). Gach 5 bliana a reáchtáiltear toghcháin pharlaiminte. Is é nó í Uachtarán na Poblachta a cheapann an Príomh-Aire, nó an *Taoiseach*, ar mholadh ó *Dáil Éireann.* Is le toghchán díreach a thoghtar an tUachtarán, arb é nó í an ceann stáit, ar feadh tréimhse 7 mbliana, ach is ról ionadaíoch, go bunúsach, atá ag an duine sin.

**Aois vótála**
**18**
**gan a bheith éigeantach**

## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Iúil-Nollaig 2026**

Iarmhír idirlín na tíre arb é **.ie**

An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+353**

## MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS
(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar in Éirinn

**8 017**

Mic agus iníonacha léinn ó Éirinn ag staidéar thar lear

**3 472**

## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Is í Éire an tír ba rathúla riamh sa chomórtas amhránaíochta Eurovision, agus é buaite 7 n-uaire aici.

## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***plámás***

Bladar nó tláithínteacht, caint mhilis.

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
ireland.ie

**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
www.dfa.ie/prep/brussels

# AN GHRÉIG

## An Phoblacht Heilléanach

**PRÍOMHCHATHAIR:** AN AITHIN



**DATHANNA NA BRATAÍ**
Meastar gurb iad dath gorm na spéire agus bán na dtonnta is bunús do dhathanna na brataí. Is ionann an chros bhán agus Eaglais Cheartchreidmheach na Gréige.






**TEANGA OIFIGIÚIL**
Gréigis (Heilléinic)

**DAONRA**
10,7 milliún (2019)

**ACHAR**
131 694 km$^2$

EL


**LÁ NÁISIÚNTA**

**25 Márta**

Neamhspleáchas ó Impireacht na nOtamánach (1821)



**AIRGEADRA**
Euro (EUR, ó 2002)
Ulchabhán, mar a bhíodh ar bhonn drachma ársa na hAithne (an 5ú hAois RCh), atá ar aghaidh náisiúnta an bhoinn euro.



## CÓRAS POLAITIÚIL


Tá 300 comhalta i bparlaimint na Gréige (*Voulí ton Ellínon*, nó Comhairle na nGréagach) a thoghtar ar feadh téarma 4 bliana in olltoghcháin. Toghtar Uachtarán na Poblachta, arb é nó í an ceann stáit, ar feadh tréimhse 5 bliana, ach is ról ionadaíoch, go bunúsach, atá ag an duine sin. Is é nó í, áfach, a cheapann an Príomh-Aire agus an rialtas.



**Aois vótála**
**17**
**éigeantach**

## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Iúil-Nollaig 2027**





Iarmhír idirlín na tíre arb é **.gr**




An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+30**



**MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS**
(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar sa Ghréig

**4 688**



Mic agus iníonacha léinn ón nGréig ag staidéar thar lear


**5 259**





## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Tá bunús Gréigise leis an bhfocal "tragóid" agus ciallaíonn sé "amhrán gabhair", mar gur thug na tragéidí luatha Gréagacha onóir do Dionysus, Dia an fhíona, agus chaith na haisteoirí seithí gabhair.



## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***μεράκι [meráki]***

Rud a dhéanamh le grá agus le dúthracht, go lách.

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
visitgreece.gr
**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:** www.mfa.gr/brussels/en/permanent-representation-eu

# AN SPÁINN

## Ríocht na Spáinne

**PRÍOMHCHATHAIR:** MAIDRID



### DATHANNA NA BRATAÍ

Is ionann an t-armas agus sé ríocht na Spáinne mar a bhí tráth. Roghnaíodh na dathanna ar dtús chun idirdhealú a dhéanamh idir longa na Spáinne agus longa tíortha eile.







### TEANGA OIFIGIÚIL

Spáinnis (Rómánsach)

### DAONRA

46,9 milliún (2019)

ES

### ACHAR

505 983 $km^2$

**LÁ NÁISIÚNTA**

**12**

**Deireadh Fómhair**


Lá na nEaspáinneach – an lá ar aimsigh Críostóir Colambas Meiriceá (1492)



### AIRGEADRA

Euro (EUR, ó 2002)

Tá an Rí Felipe VI le feiceáil ar aghaidh náisiúnta an bhoinn euro.




## CÓRAS POLAITIÚIL

Tá parlaimint na Spáinne (*Cortes Generales*) comhdhéanta den Chomhthionól (*Congreso de los Diputados*: 350 comhalta) agus an Seanad (*Senado*: 266 sheanadóir) a thoghtar ar feadh tréimhse 4 bliana. Is é an Rí an ceann stáit ach níl aige ach ról ionadaíoch. Comhroinntear an chumhacht idir na húdaráis lárnacha agus na réigiúin fhéinrialaithe. Áirítear ar chríoch na Spáinne na hOileáin Chanáracha agus na hOileáin Bhailéaracha agus dhá iamhchríoch i dtuaisceart na hAfraice: Ceuta agus Melilla.




## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Iúil-Nollaig 2023





Iarmhír idirlín na tíre arb é **.es**



An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+34**



## MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS
(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar sa Spáinn


**48 595**



Mic agus iníonacha léinn ón Spáinn ag staidéar thar lear


**40 079**





## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Tá an Spáinn ina ceannródaí sa domhan maidir le deonú agus trasphlandú orgán.



## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***sobremesa***

An t-am a chaitear ag an mbord i ndiaidh béile, ag comhrá leis an teaghlach agus le cairde de ghnáth.

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
spain.info

**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
www.es-ue.org

# AN FHRAINC


## Poblacht na Fraince

**PRÍOMHCHATHAIR:** PÁRAS

**TEANGA OIFIGIÚIL**
Fraincis (Rómánsach)

**DAONRA**
67 milliún (2019)

**ACHAR**
638 475 km²




**DATHANNA NA BRATAÍ**
Tá an bhratach fréamhaithe sa tréimhse a lean Réabhlóid na Fraince; ba é an dath bán dath an teaghlaigh ríoga, agus ba iad an dath gorm agus an dath dearg dathanna traidisiúnta chathair Pháras.




**LÁ NÁISIÚNTA**
**14 Iúil**
Forghabháil an Bastille (1789)



**AIRGEADRA**
Euro (EUR, ó 2002)
Crann, ar siombail é den bheatha, den leanúnachas agus den fhás, atá ar aghaidh náisiúnta an bhoinn euro.




**CÓRAS POLAITIÚIL**
Tá parlaimint na Fraince comhdhéanta den Tionól Náisiúnta (*Assemblée nationale*, 577 gcomhalta a thoghtar ar feadh téarma 5 bliana in olltoghcháin) agus den Seanad (*Sénat*, ina bhfuil 348 seanadóir, a thoghann coláiste toghcháin ar feadh téarma 6 bliana). Toghtar go díreach Uachtarán na Poblachta, arb é nó í an ceann stáit, ar feadh tréimhse 5 bliana. Tá cumhachtaí suntasacha polaitiúla ag an Uachtarán agus ceapann sé nó sí an Príomh-Aire ó thromlach na parlaiminte. Tá ranna agus críocha thar lear ag an bhFrainc freisin.




**UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**Eanáir-Meitheamh 2022**






Iarmhír idirlín na tíre arb é **.fr**



An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+33**



**MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS**
(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar sa Fhrainc

**28 722**




Mic agus iníonacha léinn ón bhFrainc ag staidéar thar lear

**43 905**





**FÍRICÍ SUIMIÚLA**
Is ón bhFrainc a tháinig an líon is mó buaiteoirí Dhuais Nobel na Litríochta ar domhan.



**FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ**
***dépayser***
Athrú a bheith ag duine, sos ón ngnáthamh laethúil, nuair a athraíonn duine a nósanna.

**+ EOLAS**

**Eolas faoin tír:**
france.fr
**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
www.ue.delegfrance.org

# AN CHRÓIT

## Poblacht na Cróite

**PRÍOMHCHATHAIR:** SÁGRAB

**TEANGA OIFIGIÚIL**
Cróitis (Slavach)

**DAONRA**
4.1 milliún (2019)


**ACHAR**
HR
56 594 km$^2$

**LÁ NÁISIÚNTA**
**30 Bealtaine**
Neamhspleáchas ón iar-Iúgslaiv (1991)





**DATHANNA NA BRATAÍ**
Dathanna pan-Slavacha iad dearg, bán, agus gorm. Is ionann an táiplis dhearg agus bhán agus sciath stairiúil na Cróite.

**AIRGEADRA**
Kuna (HRK)
Béar donn, an t-ainmhí is mó dá maireann sa Chróit, atá le feiceáil ar an mbonn 5 kuna.



## CÓRAS POLAITIÚIL


151 chomhalta atá i bParlaimint na Cróite (*Sabor*), a thoghtar ar feadh téarma 4 bliana. Is le toghchán díreach a thoghtar Uachtarán na Poblachta ar feadh téarma 5 bliana agus is ról ionadaíoch is mó atá ag an duine sin. Is é nó í an tUachtarán a cheapann an Príomh-Aire a gcaithfidh tromlach chomhaltaí na parlaiminte muinín a bheith acu as nó aisti.



**Aois vótála**
**18**
**gan a bheith éigeantach**

## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Eanáir-Meitheamh 2020**





Iarmhír idirlín na tíre arb é **.hr**




An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+385**



**MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS**
(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar sa Chróit


**2 097**



Mic agus iníonacha léinn ón gCróit ag staidéar thar lear


**1 778**





## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Madra é an Dalmátach ar féidir a phór a rianú siar go dtí an Chróit agus go dtí an Dalmáit.



## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***priženiti se***

Nuair a phósann fear isteach i dteaghlach a chéile (murab ionann agus *vice-versa*).

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
croatia.hr

**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
eu.mfa.hr

# AN IODÁIL

## Poblacht na hIodáile

**PRÍOMHCHATHAIR:** AN RÓIMH

**TEANGA OIFIGIÚIL**
Iodáilis (Rómánsach)

**DAONRA**
60,4 milliún (2019)

**ACHAR**
302 073 km$^2$





**DATHANNA NA BRATAÍ**
Is ionann an dath glas agus cnoic agus cluainte na hIodáile, bán agus beanna bána na nAlp, dearg agus dath an áir.

**LÁ NÁISIÚNTA**
**2 Meitheamh**
Forógra Phoblacht na hIodáile (1946)




**AIRGEADRA**
Euro (EUR, ó 2002)
Íomhá den léaráid a rinne Leonardo da Vinci de thoisí na colainne daonna de réir Vitruvius, atá le feiceáil ar aghaidh náisiúnta an bhoinn euro.

## CÓRAS POLAITIÚIL



Dhá sheomra atá i bparlaimint na hIodáile: Seomra na dTeachtaí (*Camera dei Deputati*: 630 comhalta) agus an Seanad *Senato della Repubblica:* 315 sheanadóir). Gach 5 bliana a reáchtáiltear na toghcháin pharlaiminte. Is é nó í Uachtarán na Poblachta an ceann stáit a thoghann na daoine go díreach ar feadh téarma 7 mbliana, ach is ról ionadaíoch go bunúsach atá ag an duine sin. Is é an tUachtarán, áfach, a cheapann an Príomh-Aire, agus ní mór go mbeadh muinín as nó aisti ag dhá sheomra na parlaiminte.




**Aois vótála**
**18**
**gan a bheith éigeantach**

(25 i gcás an tSeanaid)

## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Eanáir-Meitheamh 2028**






Iarmhír idirlín na tíre arb é **.it**



An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+39**



## MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS
(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar san Iodáil

**26 294**




Mic agus iníonacha léinn ón Iodáil ag staidéar thar lear

**35 666**





## FÍRICÍ SUIMIÚLA
Ag an Iodáil atá an líon is airde láithreacha oidhreachta UNESCO ar domhan.



## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ
***abbiocco***
An mhíogarnach a bhuaileann duine tar éis béile mór

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
italia.it
**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
www.italiaue.esteri.it/rapp_ue

# AN CHIPIR

## Poblacht na Cipire

**PRÍOMHCHATHAIR:** AN NIOCÓIS



### DATHANNA NA BRATAÍ

Is ionann na craobhacha glasa olóige, iad leagtha anuas ar chúlra bán, agus tnúthán na síochána. Dath rua an chopair atá ar an léarscáil mar chomhartha ar a bhfuil de fhlúirse copair ar an oileán. Is í an Chipir an chéad tír a chuir léarscáil di féin ar a bratach.

### NA TEANGACHA OIFIGIÚLA

Gréigis (Heilléinic)
Tuircis (Tuircic)

### DAONRA

0.9 milliún (2019)

### ACHAR


9 253 km$^2$




### LÁ NÁISIÚNTA


**1**
**Deireadh Fómhair**

Forógra Phoblacht na Cipire (1960)



### AIRGEADRA

euro (EUR, din 2008)
Is é an t-íol crosdealbhach, a leagtar dáta thart ar 3 000 RCh air, atá le feiceáil ar aghaidh náisiúnta an bhoinn euro.




## CÓRAS POLAITIÚIL

Teach na nIonadaithe *(Vouli ton Antiprosópon)* a thugtar ar pharlaimint na Cipire. 80 comhalta atá ann, 56 díobh a thoghtar ar feadh téarma 5 bliana le vótáil dhíreach, agus 24 shuíochán eile a choinnítear don phobal Turcach, bíodh is go bhfuil na suíocháin sin folamh ó 1964 i leith. Tá triúr ionadaithe ó na mionlaigh reiligiúnacha (an Eaglais Mharóiníteach, an Eaglais Chaitliceach Rómhánach agus an Eaglais Airméanach) a bhfuil stádas breathnadóirí acu. Toghtar Uachtarán na Poblachta trí vótáil dhíreach ar feadh téarma 5 bliana agus is é nó í an ceann stáit agus an ceann rialtais araon.




## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Eanáir-Meitheamh 2026**



Iarmhír idirlín na tíre arb é **.cy**

An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+357**



**MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS** (2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar sa Chipir

**1 077**




Mic agus iníonacha léinn ón gCipir ag staidéar thar lear

**635**







## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Is mó tránna sa Chipir a bhfuil an Bhratach Ghorm acu ná in aon tír eile, de réir méide, ar domhan. 57 dtrá ghlana atá sa tír.

## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***κκελετζής [kkeletzis]***

"Ceanndána" is ciall leis i nGréigis na Cipire. Níl an focal seo ag na Gréagaigh ar chor ar bith.

## + EOLAS


**Eolas faoin tír:**
visitcyprus.com

**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
www.mfa.gov.cy/permrepeu

# AN LAITVIA

## Poblacht na Laitvia

**PRÍOMHCHATHAIR:** RÍGE




**DATHANNA NA BRATAÍ**
Is ionann an dath dearg cairmíneach agus an toilteanas troid ar son na saoirse. Seasann an stríoc bhán don tsíochán agus don neamhspleáchas.



**TEANGA OIFIGIÚIL**
Laitvis (Baltach)

**DAONRA**
1.9 milliún (2019)

**ACHAR**
64 586 km²




**LÁ NÁISIÚNTA**
**18**
**Samhain**
Forógra Phoblacht na Laitvia (1918)



**AIRGEADRA**
Euro (EUR, ó 2014)
Bruinneall de chuid na ndaoine atá le feiceáil ar aghaidh náisiúnta an bhoinn euro.

## CÓRAS POLAITIÚIL

100 comhalta atá sa Pharlaimint (*Saeima*), a thoghtar le holltoghchán ar feadh téarma 4 bliana. Uachtarán na Poblachta, a thoghann an pharlaimint gach 4 bliana, a cheapann an Príomh-Aire, a bhunaíonn rialtas ansin. Sula dtéann rialtas nua i mbun oibre, ní mór dó vóta muiníne ón *Saeima* a bheith aige.

**Aois vótála**
**18**
**gan a bheith éigeantach**

## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Iúil-Nollaig 2028**

Iarmhír idirlín na tíre arb é **.lv**

An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+371**

## MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS

(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar i Laitvia

**1 946**

Mic agus iníonacha léinn ón Laitvia ag staidéar thar lear

**2 156**

## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Tá an fhéile amhránaíochta agus rince, a reáchtáladh den chéad uair in 1873, anois ar liosta oidhreachta doláimhsithe UNESCO. Glacann 40 000 taibheoir páirt san imeacht.

## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***ciemakukulis***

Féirín beag, rud éigin in-ite de ghnáth, a thugann cuairteoirí leo.

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
latvia.eu

**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
www.mfa.gov.lv/en/brussels

# AN LIOTUÁIN

## Poblacht na Liotuáine

**PRÍOMHCHATHAIR:** VILNIAS



**DATHANNA NA BRATAÍ**
Is ionann an dath buí agus goirt faoi chruithneacht, glas agus na foraoisí, dearg agus crógacht agus fuil an dreama a mbíonn an Liotuáin á cosaint acu.

**TEANGA OIFIGIÚIL**
Liotuáinis (Baltach)

**DAONRA**
2.8 milliún (2019)


**ACHAR**
65 284 km$^2$




**LÁ NÁISIÚNTA**
**16 Feabhra**
Neamhspleáchas ón Rúis (1918)




**AIRGEADRA**
Euro (EUR, ó 2015)
Is é armas Vytis Phoblacht na Liotuáine atá le feiceáil ar aghaidh náisiúnta an bhoinn euro.



## CÓRAS POLAITIÚIL


141 chomhalta atá i bparlaimint na Liotuáine (*Seimas*), a thoghtar ar feadh téarma 4 bliana. Uachtarán na Poblachta, a thoghtar go díreach ar feadh téarma 5 bliana, a cheapann an Príomh-Aire tar éis don *Seimas* é sin a fhormheas.



**Aois vótála**
**18**
**gan a bheith éigeantach**


## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Eanáir-Meitheamh 2027**





Iarmhír idirlín na tíre arb é **.lt**



An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+370**



## MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS
(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar sa Liotuáin

**3 161**



Mic agus iníonacha léinn ón Liotuáin ag staidéar thar lear


**4 452**





## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Is í an Liotuáinis an teanga Ind-Eorpach is sine dá maireann beo agus is í is gaire don tSanscrait.



## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***nepakartojama***

Meandar nach sáródh an fhoirfeacht féin í, nach mbeidh a leithéid arís ann.

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
lietuva.lt
**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
www.eurep.mfa.lt

# LUCSAMBURG

## Ard-Diúcacht Lucsamburg

**PRÍOMHCHATHAIR:** LUCSAMBURG

**DATHANNA NA BRATAÍ**
Is ó armas theaghlach Lucsamburg iad an dearg, bán agus gorm ar an mbratach.

**TEANGACHA OIFIGIÚLA**
Fraincis (Rómánsach)
Gearmáinis (Gearmáinic)
Lucsambuirgis (Gearmáinic)

**DAONRA**
0,6 milliún (2019)


**ACHAR**
2 595 km$^2$




**LÁ NÁISIÚNTA**
23 Meitheamh
Lá breithe an Ard-Diúic



**AIRGEADRA**
Euro (EUR, ó 2002)
Is é an tArd-Diúc Henri atá le feiceáil ar aghaidh náisiúnta an bhoinn euro.




## CÓRAS POLAITIÚIL

Teach na dTeachtaí (*Chambre des Députés/Châmber vun Députéirten/ Abgeordnetenkammer*) a thugtar ar pharlaimint Lucsamburg agus tá 60 comhalta inti a thoghtar ar feadh téarma 5 bliana. Is é an tArd-Diúc an ceann stáit ach níl aige ach ról ionadaíoch. Is eisean a cheapann an Príomh-Aire, agus roghnaíonn an Príomh-Aire na hairí eile. Ní mór go mbeadh muinín as an rialtas ag tromlach de chomhaltaí na parlaiminte.




## UACHTARÁNACHT NA COMHAIRLE

**Eanáir-Meitheamh 2029**





Iarmhír idirlín na tíre arb é **.lu**



An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+352**



## MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS

(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar i Lucsamburg

**1 077**



Mic agus iníonacha léinn ó Lucsamburg ag staidéar thar lear


**538**





## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Is é Lucsamburg an t-aon Ard-Diúcacht atá fágtha ar domhan.



## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***verkënnen***

Iarmhair na haoise ar an duine, idir cholainn is cheann, a aireachtáil.

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
luxembourg.public.lu
**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
bruxelles-rpue.mae.lu


# AN UNGÁIR

## An Ungáir

**PRÍOMHCHATHAIR:** BÚDAIPEIST



**TEANGA OIFIGIÚIL**
Ungáiris (Fionn-Úgrach)



**DAONRA**
9.8 milliún (2019)

**ACHAR**
93 012 km$^2$

**LÁ NÁISIÚNTA**

**20 Lúnasa**


Canónú chéad rí na hUngáire, Naomh Stiofán (1083)

**DATHANNA NA BRATAÍ**
Is ionann an bán agus aibhneacha na hUngáire, an uaine agus na sléibhte, agus an dearg an fhuil a sileadh i gcathanna.






**AIRGEADRA**
Forint (HUF)
Tá armas na hUngáire le feiceáil ar an mbonn forint.



## CÓRAS POLAITIÚIL


Is poblacht í an Ungáir agus tá 199 gcomhalta i bparlaimint na tíre, an Tionól Náisiúnta (*Országgyűlés*), a thoghtar le holltoghchán ar feadh téarma 4 bliana. Is é nó í Uachtarán na Poblachta an ceann stáit, agus is í an pharlaimint a thoghann é nó í ar feadh téarma 5 bliana. Déanann an tUachtarán an té atá le bheith mar Phríomh-Aire a mholadh don pharlaimint; ní mór ansin don pharlaimint a toiliú a thabhairt.



**Aois vótála**
**18**
**gan a bheith éigeantach**

## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Iúil-Nollaig 2024**






Iarmhír idirlín na tíre arb é **.hu**




An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+36**



**MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS**
(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar san Ungáir

**6 242**



Mic agus iníonacha léinn ón Ungáir ag staidéar thar lear


**4 341**





## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Is mó foinsí teirmeacha san ardchathair Búdaipeist ná in aon ardchathair eile ar domhan.



## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***hiányérzet***

Nuair a bhraitheann tú go bhfuil rud éigin ar iarraidh ach nach eol duit cén rud go díreach é.

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
wowhungary.com
**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
eu-brusszel.mfa.gov.hu

# MÁLTA

## Poblacht Mhálta

**PRÍOMHCHATHAIR:** VAILEITE

**DATHANNA NA BRATAÍ**

Bunaithe ar na dathanna a bhíodh ar armas na tíre ón Meánaois i leith atá dathanna na brataí. Is í an Chros Sheoirse, a bhronn Seoirse VI na Breataine ar mhuintir Mhálta as a gcrógacht le linn an Dara Cogadh Domhanda, atá le feiceáil ar leath bán na brataí.

**NA TEANGACHA OIFIGIÚLA**


Béarla (Gearmáinic)
Máltais (Seimíteach, ach scríofa le haibítir na Laidine)

**DAONRA**

0.5 milliún (2019)

**ACHAR**

316 km$^2$





**LÁ NÁISIÚNTA**

**21 Meán Fómhair**

Neamhspleáchas ón Ríocht Aontaithe (1964)

**AIRGEADRA**

Euro (EUR, ó 2008)
Is í Cros Mhálta, feathal Ord Ceannasach Mhálta, atá le feiceáil ar aghaidh náisiúnta an bhoinn euro.




## CÓRAS POLAITIÚIL

Teach na nIonadaithe (*Kamra tar-Rappreżentanti*) a thugtar ar pharlaimint Mhálta agus tá 67 gcomhalta inti a thoghtar ar feadh téarma 5 bliana. Is í an pharlaimint a thoghann Uachtarán na Poblachta ar feadh téarma 5 bliana. Ról ionadaíoch go bunúsach é ról an Uachtaráin. Is é nó í an tUachtarán a cheapann an Príomh-Aire agus na hairí eile.




## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Iúil-Nollaig 2030






Iarmhír idirlín na tíre arb é **.mt**




An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+356**



## MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS
(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar i Málta

**2 431**



Mic agus iníonacha léinn ó Mhálta ag staidéar thar lear


**413**





## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Is é Málta an tír is lú san Aontas agus is aige atá an dlús daonra is airde san Aontas.



## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***Ħallata Ballata***

Longar langar agus ruaille buaille measctha ina chéile.

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
visitmalta.com

**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
www.foreignaffairs.gov.mt

# AN ÍSILTÍR

## Ríocht na hÍsiltíre

**PRÍOMHCHATHAIR:** AMSTARDAM



**TEANGA OIFIGIÚIL**
Ollainnis (Gearmáinic)

**DAONRA**
17,3 milliún (2019)

**ACHAR**
37 378 km$^2$

**DATHANNA NA BRATAÍ**
Oráiste, bán, agus gorm — dathanna Liam Oráiste — a bhíodh ar an mbratach sa tseanaimsir. Ach ó tharla gur mhinic leis an oráiste athrú go dearg faoi ghealadh gréine, socraíodh an dearg féin a chur in áit an oráiste sa 17$^{ú}$ haois.





**LÁ NÁISIÚNTA**

**27 Aibreán**

Lá breithe an rí reatha Willem-Alexander




**AIRGEADRA**
Euro (EUR, ó 2002)
Is é an Rí Willem-Alexander atá le feiceáil ar aghaidh náisiúnta an bhoinn euro.



## CÓRAS POLAITIÚIL


Dhá sheomra atá i bparlaimint na hÍsiltíre (*Staten Generaal*): an Chéad Seomra (*Eerste Kamer* ina bhfuil 75 chomhalta) agus an Dara Seomra (*Tweede Kamer* ina bhfuil 150 comhalta), a thoghtar ar feadh téarma 4 bliana. Is é an Rí an ceann stáit agus níl aige ach ról ionadaíoch ach gurb é a cheapann an Príomh-Aire. Is sa Háig atá an Chúirt Ríoga, an rialtas, an pharlaimint agus an Chúirt Uachtarach suite. Tá críocha oileánacha ag an Ísiltír i Muir Chairb freisin.



**Aois vótála**
**18**
**gan a bheith éigeantach**

## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Iúil-Nollaig 2029**





Iarmhír idirlín na tíre arb é **.nl**

An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+31**




**MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS** (2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar san Ísiltír

**14 145**

Mic agus iníonacha léinn ón Ísiltír ag staidéar thar lear

**13 831**









## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Is mó rothair (22.5 milliún) ná daoine (17.2 milliún) san Ísiltír, agus tá a thrí oiread rothar ann is atá carranna.

## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***gezellig***

Seascair, bríomhar, teolaí nó géimiúil is ciall leis an bhfocal seo. Baintear úsáid as le cur síos ar áit nó ar dhuine, ar rud a tharla, nó go deimhin ar an aimsir féin.

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
holland.com
**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
www.eu.nlmission.org

# AN OSTAIR

## Poblacht na hOstaire

**PRÍOMHCHATHAIR:** VÍN



**DATHANNA NA BRATAÍ**
De réir an tseanchais, is mar léiriú ar an mbail a d'fhág sléacht agus ár ar chóta Leopold V (Diúc na hOstaire) a dearadh an bhratach. Bhí an cóta bán a bhí air báite le fuil ach nuair a scaoil sé a chrios, bhí stríoc fhada den éadach a bhí faoi fós bán.



**TEANGA OIFIGIÚIL**
Gearmáinis (Gearmáinic)

**DAONRA**
8.9 milliún (2019)


**ACHAR**
83 878 km$^2$




**LÁ NÁISIÚNTA**
**26 Deireadh Fómhair**
Lá glactha Dhlí Neodrachta na hOstaire (1955)




**AIRGEADRA**
Euro (EUR, ó 2002)
Is é an cumadóir Wolfgang Amadeus Mozart, a rugadh san Ostair, atá le feiceáil ar aghaidh náisiúnta an bhoinn euro.



## CÓRAS POLAITIÚIL

Mar seo don pharlaimint (*Bundesversammlung*): an Chomhairle Náisiúnta (*Nationalrat*: 183 chomhalta a thoghtar ar feadh téarma 5 bliana in olltoghcháin) agus an Chomhairle Cónaidhme (*Bundesrat:* 61 chomhalta a gceapann na cúigí iad). Is le toghchán díreach a thoghtar Uachtarán na Poblachta ar feadh téarma 6 bliana agus is ról ionadaíoch is mó atá ag an duine sin. Ceapann an tUachtarán Seansailéir na Cónaidhme, arb é nó í ceannaire an rialtais. Is stát cónaidhme í an Ostair a bhfuil naoi gcinn de réigiúin fhéinrialaithe, nó *Bundesländer*, ann.




**Aois vótála**
**16**
**gan a bheith éigeantach**

## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Iúil-Nollaig 2018**

níl cinneadh déanta faoin gcéad cheann eile





Iarmhír idirlín na tíre arb é **.at**



An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+43**



**MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS**
(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar san Ostair

**7 934**



Mic agus iníonacha léinn ón Ostair ag staidéar thar lear


**7 487**





## FÍRICÍ SUIMIÚLA

I Vín atá an zú is sine ar domhan. In 1752 a bunaíodh é.



## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***Schmäh***

Jóc, cleas, bréag; meallacacht réigiúnach nó phearsanta, acmhainn grinn.

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
austria.info
**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
www.bmeia.gv.at/oev-bruessel

# AN PHOLAINN

## Poblacht na Polainne

**PRÍOMHCHATHAIR:** VÁRSÁ



**TEANGA OIFIGIÚIL**
Polainnis (Slavach)

**DAONRA**
38 de milliún (2019)

**ACHAR**
312 679 $km^2$

**LÁ NÁISIÚNTA**

**11 Samhain**

Athbhunú an neamhspleáchais (1918)

**DATHANNA NA BRATAÍ**
Is i gcuimhne ar an gcéad úsáid thaifeadta d'armas na Polainne atá na dathanna, iolar bán ar sciath dhearg.






**AIRGEADRA**
Zloty (PLN)
Is é an t-iolar, atá ar armas na tíre freisin, atá le feiceáil ar an mbonn zloty.


## CÓRAS POLAITIÚIL

Mar seo don pharlaimint: an *Sejm* (460 comhalta) agus an *Senat* (100 comhalta). Ar feadh téarma 4 bliana a thoghtar comhaltaí an dá sheomra sin le holltoghchán. Uachtarán na Poblachta, a thoghtar go díreach ar feadh téarma 5 bliana, a cheapann an Príomh-Aire ach vóta muiníne a fháil ón *Sejm*.




## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Eanáir-Meitheamh 2025**



Iarmhír idirlín na tíre arb é **.pl**

An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+48**

## MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS

(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar sa Pholainn

**16 908**

Mic agus iníonacha léinn ón bPolainn ag staidéar thar lear

**15 453**

## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Deirtear gur mharaigh an Prionsa Krakus Dragún Chnoc Wawel agus cuireadh a ainm ansin ar chathair Kraków.

## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***załatwić***

Rud a chur i gcrích trí leas a bhaint as cleas, teagmháil phearsanta, nó plámás pearsanta.


## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
polska.pl
**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
www.brukselaue.msz.gov.pl

# AN PHORTAINGÉIL

## Poblacht na Portaingéile

**PRÍOMHCHATHAIR:** LIOSPÓIN




**TEANGA OIFIGIÚIL**
Portaingéilis (Rómánsach)


**DAONRA**
10.3 milliún (2019)

**ACHAR**
92 227 $km^2$


**DATHANNA NA BRATAÍ**
Is ionann an dath glas agus an dóchas as an lá amárach, dearg agus fuil an náisiúin. Is ionann na cúig sciath bheaga ghorma atá le feiceáil san armas agus na cúig rí de chuid na Múrach ar bhris céad rí na Portaingéile cath orthu.




**LÁ NÁISIÚNTA**
**10 Meitheamh**
I gcomóradh ar bhás an fhile Luis de Camões (1580)




**AIRGEADRA**
Euro (EUR, ó 2002)
An séala ríoga 1144 atá ar aghaidh náisiúnta an bhoinn euro.



## CÓRAS POLAITIÚIL


230 comhalta atá i bparlaimint na Portaingéile ((*Assembleia da República*) agus toghtar iad ar feadh téarma 4 bliana. Toghtar go díreach Uachtarán na Poblachta ar feadh téarma 5 bliana. An tUachtarán an ceann stáit agus ceapann sé nó sí an Príomh-Aire. Tá dhá réigiún fhéinrialaitheacha ag an bPortaingéil san Atlantach: Maidéara agus na hAsóir.



**Aois vótála**
**18**
**gan a bheith éigeantach**

## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Eanáir-Meitheamh 2021**






Iarmhír idirlín na tíre arb é **.pt**




An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+351**



## MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS
(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar sa Phortaingéil


**14 306**



Mic agus iníonacha léinn ón bPortaingéil ag staidéar thar lear


**9 132**





## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Is í an Phortaingéil an tír is mó táirgthe coirc ar domhan.



## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***saudade***

Eolchaire don té nó don ní nach bhfuil i ngar duit níos mó.

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
portugalglobal.pt
**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
www.ue.missaoportugal.mne.pt

# AN RÓMÁIN

## An Rómáin

**PRÍOMHCHATHAIR:** BÚCAIRIST



**DATHANNA NA BRATAÍ**
Is ionann an dath gorm agus an spéir/an tsaoirse, buí agus na goirt/an ceartas, dearg agus an fhuil/an bráithreachas.

**TEANGA OIFIGIÚIL**
Rómáinis (Rómánsach)


**DAONRA**
19.4 milliún (2019)

**ACHAR**
238 398 km$^2$




**LÁ NÁISIÚNTA**
**1 Nollaig**
Aontas na Trasalváin le hiar-Ríocht na Rómáine (1918)

**AIRGEADRA**
Leu (RON)
Is é armas na Rómáine atá le feiceáil ar an mbonn bani (codán den leu).



## CÓRAS POLAITIÚIL


Is poblacht í an Rómáin. Dhá chuid atá sa pharlaimint (*Parlamentul României*): Seomra na dTeachtaí (*Camera Deputatilor*: 329 gcomhalta) agus an Seanad (*Senat*: 136 sheanadóir) a thoghtar ar feadh tréimhse 4 bliana. Toghtar Uachtarán na Poblachta trí vótáil dhíreach ar feadh téarma 5 bliana agus is é nó í an ceann stáit ag a bhfuil cumhachtaí nach beag. Ainmníonn an tUachtarán an Príomh-Aire as grúpa tromlaigh na parlaiminte chun rialtas a bhunú.



**Aois vótála**
**18**
**gan a bheith éigeantach**

## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Eanáir-Meitheamh 2019**





Iarmhír idirlín na tíre arb é **.ro**



An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+40**



**MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS** (2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar sa Rómáin

**3 541**



Mic agus iníonacha léinn ón Rómáin ag staidéar thar lear


**7 202**





## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Is ón Laidin *Romanus*, a chiallaíonn saoránach d'Impireacht na Róimhe, a thagann an t-ainm "an Rómáin".



## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***struţocămilă***

An dá fhocal "ostrais" agus "camall" atá anseo i.e. dhá rud nach dtéann le chéile.

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
romaniatourism.com
**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
ue.mae.ro

# AN tSLÓIVÉIN

## Poblacht na Slóivéine

**PRÍOMHCHATHAIR:** LIÚIBLEÁNA



**TEANGA OIFIGIÚIL**
Slóivéinis (Slavach)

**DAONRA**
2.1 milliún (2019)

**ACHAR**
20 273 km$^2$



**DATHANNA NA BRATAÍ**
Is é Sliabh Triglav, an bheann is airde sa tSlóivéin, atá le feiceáil ar an armas. Is ionann na tonnta gorma agus Muir Aidriad agus aibhneacha na tíre. Ar armas Chuntaí Celje a fuarthas na trí réiltín óir.




**LÁ NÁISIÚNTA**
**25 Meitheamh**
Neamhspleáchas ón iar-Iúgslaiv (1991)



**AIRGEADRA**
Euro (EUR, ó 2007)
Is é Primož Trubar, an té a scríobh an chéad leabhar a cuireadh i gcló sa tSlóivéinis, atá le feiceáil ar aghaidh náisiúnta an bhoinn euro.

## CÓRAS POLAITIÚIL

Mar seo don pharlaimint: an Comhthionól Náisiúnta (*Državni zbor*: 90 comhalta, a thoghtar ar feadh téarma 4 bliana le holltoghchán, agus dhá shuíochán á gcur i leataobh don mhionlach Ungárach agus Iodálach) agus an Chomhairle Náisiúnta (*Državni svet*: 40 comhalta a thoghtar le vótáil indíreach ar feadh téarma 5 bliana). Déanann Uachtarán na Poblachta an té atá le bheith ina Phríomh-Aire a mholadh don pharlaimint; ní mór don pharlaimint a toiliú a thabhairt ansin.

**Aois vótála**
**18**
**gan a bheith éigeantach**

## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Iúil-Nollaig 2021**

Iarmhír idirlín na tíre arb é **.si**

An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+386**

## MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS
(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar sa tSlóivéin

**2 684**

Mic agus iníonacha léinn ón tSlóivéin ag staidéar thar lear

**1 958**

## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Dream mór beachaireachta is ea na Slóivéinigh: Is í an tSlóivéin an t-aon Bhallstát amháin den Aontas a bhfuil cosaint tugtha aici dá beach dhúchasach, beach Carniola.

## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***vedriti***

Dul ar an bhfoscadh ón mbáisteach.

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
slovenia.si

**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
www.brussels.representation.si

# AN tSLÓVAIC

## Poblacht na Slóvaice

**PRÍOMHCHATHAIR:** AN BHRATASLÁIV



**DATHANNA NA BRATAÍ**
D'aontacht agus do neamhspleáchas na Slavach a sheasann na dathanna. Siombail Chríostaí í an chros airgid dhúbailte a sheasann d'aiséirí Chríost. Do shléibhte Matra, Tatra, agus Fatra a sheasann an tsiombail ghorm atá ar an armas.


**TEANGA OIFIGIÚIL**
Slóvaicis (Slavach)

**DAONRA**
5.5 milliún (2019)


**ACHAR**
49 035 km$^2$




**LÁ NÁISIÚNTA**
**1 Meán Fómhair**
Lá an Bhunreachta (1992)




**AIRGEADRA**
Euro (EUR, ó 2009)
Cros dhúbailte ina seasamh ar thrí chnocán, mar atá ar fheathal na Slóvaice, atá le feiceáil ar aghaidh náisiúnta an bhoinn euro.



## CÓRAS POLAITIÚIL


Comhairle Náisiúnta Phoblacht na Slóvaice (*Národná rada Slovenskej republiky*) is ainm don pharlaimint ina bhfuil 150 comhalta a thoghtar ar feadh téarma 4 bliana. Toghtar Uachtarán na Poblachta, arb é nó í an ceann stáit, ar feadh tréimhse 5 bliana, ach níl aige ach ról ionadaíoch. Fós féin, is é nó í an tUachtarán a cheapann an Príomh-Aire. Go bunúsach, is iad an Príomh-Aire agus an rialtas a fheidhmíonn an chumhacht feidhmiúcháin.



**Aois vótála**
**18**
**gan a bheith éigeantach**

## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Eanáir-Meitheamh 2030**





Iarmhír idirlín na tíre arb é **.sk**



An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+421**






**MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS** (2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar sa tSlóvaic

**2 149**




Mic agus iníonacha léinn ón tSlóvaic ag staidéar thar lear

**3 769**



## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Is é Maratón Síochána Košice an maratón is sine san Eoraip. In 1924 a eagraíodh den chéad uair é.



## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***obzerance***

Seo é a mbeidh de lón agat má bhíonn an cuisneoir folamh agus má dhéanann tú dearmad bia a cheannach.

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
slovakia.travel
**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
www.mzv.sk/web/szbrusel

# AN FHIONLAINN

## Poblacht na Fionlainne

**PRÍOMHCHATHAIR:** HEILSINCÍ

**NA TEANGACHA OIFIGIÚLA**
Fionlainnis (Fionn-Úgrach)
Sualainnis (Gearmáinic)

**DAONRA**
5.5 milliún (2019)

**ACHAR**
FI
338 411 km²





**DATHANNA NA BRATAÍ**
Is ionann iad agus néalta bána, spéartha gorma, fuarlaigh, agus sneachta síobáin. Cros mar atá ar bhratacha na dtíortha Nordacha eile atá ar bhratach na Fionlainne.

**LÁ NÁISIÚNTA**
**6 Nollaig**
Neamhspleáchas ón Rúis (1917)



**AIRGEADRA**
Euro (EUR, ó 2002)
Dhá eala ar eitilt atá le feiceáil ar aghaidh náisiúnta an bhoinn euro. Ar dhearadh a rinneadh mar chuid de chomórtas, a reáchtáladh chun bonn airgid a chruthú i gcomóradh ar chothrom 80 bliain ó bhain an Fhionlainn amach an neamhspleáchas, atá sé bunaithe.



## CÓRAS POLAITIÚIL


200 comhalta atá i bparlaimint na Fionlainne (*Eduskunta/Riksdagen*) a thoghtar ar feadh téarma 4 bliana. Uachtarán na Poblachta, a thoghtar go díreach gach 6 bliana, a mholann agus a cheapann an Príomh-Aire go foirmiúil tar éis dul i gcomhairle leis an bparlaimint. Roinntear an fhreagracht as gnóthaí eachtracha idir an tUachtarán agus an rialtas. Is réigiún féinrialaithe laistigh de Phoblacht na Fionlainne iad Oileáin Åland, áit a labhraítear an tSualainnis.



**Aois vótála**
**18**
**gan a bheith éigeantach**

## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Iúil-Nollaig 2019**





Iarmhír idirlín na tíre arb é **.fi**



An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+358**



## MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS
(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar san Fhionlainn

**8 698**



Mic agus iníonacha léinn ón bhFionlainn ag staidéar thar lear

**6 263**





## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Ba í an Fhionlainn an chéad tír san Eoraip a thug ceart vótála do mhná, in 1906.



## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***sisu***

Focal a chuireann síos ar an teacht aniar, ar an mbuanseasmhacht.

## + EOLAS


**Eolas faoin tír:**
finland.fi

**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
www.finlandabroad.fi/web/eu

# AN tSUALAINN

## Ríocht na Sualainne

**PRÍOMHCHATHAIR:** STÓCÓLM




**TEANGA OIFIGIÚIL**
Sualainnis (Gearmáinic)

**DAONRA**
10.2 milliún (2019)

**ACHAR**
447 424 km²


**DATHANNA NA BRATAÍ**
Is ionann an dath gorm agus fírinne, fuireachas, buanseasmhacht, dílseacht agus ceartas. Is ionann an dath buí agus an fhéile. Tá cros Nordach, a sheasann don Chríostaíocht, ar an mbratach.




**LÁ NÁISIÚNTA**
**6 Meitheamh**
Teacht i gcoróin don Rí Gustav Vasa (1523)



**AIRGEADRA**
Krona (SEK)
Is é an rí Carl XVI Gustaf atá le feiceáil ar an mbonn krona.



## CÓRAS POLAITIÚIL


349 gcomhalta atá i bparlaimint na Sualainne (*Riksdagen*) a thoghtar ar feadh téarma 4 bliana. Is é an Rí an ceann stáit ach níl aige ach ról ionadaíoch. Is é nó í Ceann Comhairle na Parlaiminte a mholann an Príomh-Aire. Ní mór go mbeadh vóta muiníne le fáil ag an bPríomh-Aire ón bparlaimint. Ansin roghnaíonn an Príomh-Aire airí eile an rialtais.



**Aois vótála**
**18**
**gan a bheith éigeantach**

## UACHTARÁNACHT AR CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

**Eanáir-Meitheamh 2023**



Iarmhír idirlín na tíre arb é **.se**

An cód idirnáisiúnta diailithe arb é **+46**



## MIC AGUS INÍONACHA LÉINN ERASMUS
(2017)

Mic agus iníonacha léinn eachtrannacha ag staidéar sa tSualainn

**10 521**



Mic agus iníonacha léinn ón tSualainn ag staidéar thar lear

**4 069**





## FÍRICÍ SUIMIÚLA

Sualannach ab ea an t-eolaí agus an fiontraí Alfred Nobel, an té a bhunaigh Duais Nobel.



## FOCAL NACH FÉIDIR A AISTRIÚ

***fika***

É a thógáil go bog, do ghoradh a dhéanamh, cupán tae agus císte a chaitheamh, sult a bhaint as an am.

## + EOLAS

**Eolas faoin tír:**
sweden.se
**Buanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach:**
www.government.se/sweden-in-the-eu

**Fógra**

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin atá sé beartaithe. Níl institiúidí an Aontais ná na Ballstáit freagrach as.

Mura léirítear a mhalairt, fuarthas an fhaisnéis ó shuíomhanna gréasáin oifigiúla de chuid na mBallstát agus ón gCoimisiún Eorpach, lena n-áirítear Eurostat. Is chun críoch faisnéise amháin iad na léarscáileanna agus ní léiriú beacht iad ar theorainneacha. De ghnáth is iad na trí nó suas le cúig chathair is mó daonra i ngach tír a léirítear. Ar chúiseanna a bhaineann leis an stair d'fhéadfadh léirmhínithe eile a bheith ann ar dhathanna na mbratach seachas na léirmhínithe a léirítear sa bhróisiúr seo.

Cé go ndéanaimid gach iarracht a chinntiú go bhfuil na naisc atá san fhoilseachán seo cruinn agus cothrom le dáta, ní fhéadfaidh institiúidí an Aontais aon fhreagracht a ghlacadh i leith naisc nach n-oibríonn i gceart.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gComhairle Eorpach agus faoi Chomhairle an Aontais Eorpaigh, féach an suíomh gréasáin:
**www.consilium.europe.eu**
nó téigh i dteagmháil leis an tSeirbhís um Fhaisnéis don Phobal in Ardrúnaíocht na Comhairle:
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
**www.consilium.europa.eu/infopublic**

## EOLAS A FHÁIL FAOIN AONTAS EORPACH

### Ar líne

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa ag: https://europa.eu/european-union/index_ga

### Foilseacháin de chuid an Aontais

Is féidir leat foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh, idir cinn saor in aisce agus cinn a bhfuil praghas orthu, a íoslódáil nó a ordú ag: https://publications.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna de na foilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad eolais áitiúil chun é sin a dhéanamh (féach https://europa.eu/european-union/contact_ga).

### Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun teacht ar eolas dlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1952 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex ag: http://eur-lex.europa.eu

### Sonraí oscailte ón Aontas Eorpach

Is féidir teacht ar thacair shonraí ón Aontas Eorpach ag Tairseach Sonraí Oscailte an Aontais (http://data.europa.eu/euodp/ga). Is féidir sonraí a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce, ar bhonn tráchtála nó ar bhonn neamhthráchtála.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2020

Na heagráin roimhe seo: 2008, 2009, 2012, 2014, 2017

| | | | |
|---|---|---|---|
| PDF | ISBN 978-92-824-7190-6 | doi:10.2860/39774 | QC-04-20-093-GA-N |
| Print | ISBN 978-92-824-7204-0 | doi:10.2860/01477 | QC-04-20-093-GA-C |


© An tAontas Eorpach, 2020
Údaraítear athúsáid ach an fhoinse a admháil.

Áras Europa: © Philippe Samyn and Partners architects and engineers –
lead and design partner, Studio Valle Progettazioni architects, Buro Happold engineers
Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

2020.024

Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
Tel. +32 (0)2 281 61 11
**www.consilium.europa.eu**

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh